Déardaoin 7. Iúil 2022

P9_TA(2022)0298

Gníomhaíochtaí Airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2021

Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 7 Iúil 2022 maidir le gníomhaíochtaí airgeadais an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta – tuarascáil bhliantúil 2021 (2021/2203(INI))

(2023/C 47/18)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint d'Airteagail 15, 126, 174, 175, 177, 208, 209, 271, 308 agus 309 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus do Phrótacal Uimh. 5 a ghabhann leis na Conarthaí ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta (BEI),

— ag féachaint d'fhormheas BEI ar dhaingniú Chomhaontú Pháras ag an Aontas an 7 Deireadh Fómhair 2016,

— ag féachaint do na Nósanna Imeachta Sásra Gearán de chuid Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 13 Samhain 2018,

— ag féachaint do bheartas BEI maidir le hiasachtú fuinnimh, a foilsíodh an 14 Samhain 2019,

— ag féachaint do ghlacadh Threochlár an Bhainc Aeráide, 2021-2025 ag Bord Stiúrthóirí BEI an 11 Samhain 2020 agus do straitéis aeráide nua BEI an 15 Samhain 2020,

— ag féachaint do Phlean Oibríochtúil Ghrúpa BEI, 2021, a foilsíodh an 20 Eanáir 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil Infheistíochta BEI, 2020/2021: *Building a smart and green Europe in the COVID-19 era* [Eoraip chliste ghlas a thógáil i ré COVID-19], a foilsíodh an 21 Eanáir 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil Airgeadais BEI, 2020, a foilsíodh an 3 Bealtaine 2021, agus dá thuarascáil maidir le Gníomhaíochtaí maoinithe agus iasachtaithe BEI, 2020, a foilsíodh an 5 Bealtaine 2021,

— ag féachaint don Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí maidir le Meastóireacht ar Oibríochtaí, 2020 agus Clár Oibre 2021-2023 ó BEI, a foilsíodh an 3 Meitheamh 2021,

— ag féachaint d'fhoilseachán an 14 Meitheamh 2021 ó BEI dar teideal *"A partnership with Africa: How the European Investment Bank delivers on EU policies in Africa and our future plans for development and partnership across the continent* [Comhpháirtíocht leis an Afraic: Mar a sheachadann an Banc Eorpach Infheistíochta beartais AE san Afraic agus ár bpleananna don todhchaí le haghaidh forbairt agus comhpháirtíocht ar fud na mór-roinne]",

— ag féachaint do Chairt Ghrúpa BEI um Iniúchóireacht Inmheánach, a foilsíodh an 29 Iúil 2021,

— ag féachaint do Bheartas Frithchalaoise Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 5 Lúnasa 2021 agus do Thuarascáil Gníomhaíochta maidir le hImscrúduithe Calaoise BEI, 2020, a foilsíodh an 29 Iúil 2021,

— ag féachaint don Tuarascáil maidir le Nochtadh Bainistíochta Riosca Ghrúpa BEI, 2020, a foilsíodh an 9 Lúnasa 2021,

— ag féachaint do bheartas meastóireachta Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 19 Lúnasa 2021,

— ag féachaint don Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir le hÉagsúlacht agus Cuimsiú, 2020 ó BEI, arna foilsiú an 12 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint don Treosuíomh um Comhtháthú, 2021-2027 ó BEI, a foilsíodh an 13 Deireadh Fómhair 2021,

Déardaoin 7. Iúil 2022

— ag féachaint do Phlean BEI um Oiriúnú don Athrú Aeráide, a foilsíodh an 26 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint don Chomhaontú Tríthaobhach idir an Coimisiún Eorpach, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus an Banc Eorpach Infheistíochta, a tháinig i bhfeidhm i mí na Samhna 2021,

— ag féachaint do bheartas trédhearcachta Ghrúpa BEI, a foilsíodh an 18 Samhain 2021, agus dá bheartas sceithireachta, a foilsíodh an 24 Samhain 2021,

— ag féachaint do Shuirbhé Infheistíochta BEI, 2021 – Forléargas ar an Aontas Eorpach, a foilsíodh an 2 Nollaig 2021,

— ag féachaint do Thuarascáil Ghrúpa BEI maidir le Rialachas Corparáideach, 2020 a foilsíodh an 9 Nollaig 2021,

— ag féachaint do *EIB Impact Report 2020: climate action, environmental sustainability and innovation for decarbonisation* [Tuarascáil Tionchair BEI, 2020: Gníomhú ar son na haeráide, inbhuaine comhshaoil agus nuálaíocht le haghaidh dícharbónú] a foilsíodh an 20 Nollaig 2021, dá thuarascáil dar teideal *The path to a better planet: Adapting to climate change and aligning with do the Paris Agreement* [An bealach chuig pláinéad níos fearr: Oiriúnú don athrú aeráide agus ailíniú le Comhaontú Pháras], a foilsíodh an 28 Deireadh Fómhair 2021, agus do Phlean BEI um Oiriúnú Aeráide: *Supporting the EU adaptation strategy to build resilience to climate change* [Tacú le straitéis oiriúnaithe an Aontais chun athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a chothú] a foilsíodh an 26 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do Chreat PATH Ghrúpa BEI – *Supporting the counterparties on their pathways to align with the Paris Agreement (Paris Alignment for Counterparties)* [Tacú leis na contrapháirtithe ar a mbealach chun ailíniú le Comhaontú Pháras (Ailíniú Pháras le haghaidh Contrapháirtithe)], a foilsíodh an 26 Deireadh Fómhair 2021,

— ag féachaint do *Investment Report 2021/2022 – Key Findings: Recovery as a springboard for change* [Tuarascáil Infheistíochta BEI, 2021/2022 – Eochairfhionnachtana: An téarnamh ina thúsphointe don athrú], a foilsíodh an 12 Eanáir 2022,

— ag féachaint do thuarascáil ghníomhaíochta BEI, 2020 dar teideal *Crisis Solutions* [Réitigh Ghéarchéime] a foilsíodh an 20 Eanáir 2021 agus a thuarascáil gníomhaíochta, 2021 dar teideal *The Innovation Response* [An Fhreagairt Nuálaíochta], a foilsíodh an 27 Eanáir 2022,

— ag féachaint do bhreithiúnas ón gCúirt Ghinearálta (an Chéad Dlísheomra) an 30 Márta 2022 i gCás T-299/20, *KF* v *EIB*,

— ag féachaint do na barúlacha a d'eisigh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine i mí Lúnasa 2021 maidir le Dréachtchreat Inbhuaine Comhshaoil agus Sóisialta (ESSF) Ghrúpa BEI,

— ag féachaint do chásanna 1065/2020/PB, 1251/2020/PB agus 1252/2020/PB a bhaineann le BEI, a chinn an tOmbudsman Eorpach an 21 Aibreán 2022,

— ag féachaint don mholadh ón Ombudsman Eorpach i gcás 2168/2019/KR maidir leis an gcaoi ar dhéileáil an tÚdarás Baincéireachta Eorpach le haistriú a iarStiúrthóra Feidhmiúcháin le bheith ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar bhrústocaire tionscail airgeadais, agus cinneadh an Ombudsman Eorpaigh i gcás OI/3/2021/KR maidir leis an gcaoi ar dhéileáil an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint leis an iarratas óna hiarPhríomhfheidhmeannach poist shinsearacha a ghlacadh in Airbus,

— ag féachaint do Thuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa an 26 Bealtaine 2021 dar teideal *Gender mainstreaming in the EU budget: time to turn words into action* [Príomhshruthú inscne i mbuiséad AE: ní mór dúinn anois beart a dhéanamh],

— ag féachaint do Bheartas Comhshaoil agus Sóisialta an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha, Aibreán 2019,

— ag féachaint do Phlean Oibríochtúil Ghrúpa BEI, 2022-2024, a foilsíodh an 27 Eanáir 2022,

Déardaoin 7. Iúil 2022

— ag féachaint do Chreat Inbhuaine Comhshaoil agus Sóisialta Ghrúpa BEI, a glacadh an 2 Feabhra 2022,

— ag féachaint don Fhreagairt Phráinneach Dlúthpháirtíochta leis an Úcráin de chuid BEI, a glacadh an 4 Márta 2022,

— ag féachaint do Theachtaireacht ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2020 dar teideal *Chemicals Strategy for Sustainability – Towards a Toxic-Free Environment* (COM(2020)0667) [Straitéis Ceimiceán le haghaidh na hInbhuaine – I dTreo Timpeallacht atá Saor ó Thocsainí],

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2019 maidir leis an gComhaontú Glas don Eoraip (COM(2019)0640) agus do Rún ón bParlaimint an 15 Eanáir 2020 ina leith ([1]),

— ag féachaint do theachtaireachtaí ón gCoimisiún an 20 Bealtaine 2020 dar teideal *EU Biodiversity Strategy for 2030 – Bringing nature back into our lives* [Straitéis Bithéagsúlachta AE do 2030 – An dúlra a thabhairt ar ais inár saol] (COM(2020)0380) agus *A Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system* [Straitéis "ón bhFeirm go dtí an Forc" le haghaidh córas bia atá cothrom, folláin agus neamhdhíobhálach don chomhshaol] (COM(2020)0381),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Márta 2020 dar teideal *A new Circular Economy Action Plan for a cleaner and more competitive Europe* [Plean Gníomhaíochta nua don Gheilleagar Ciorclach: Eoraip níos glaine agus níos iomaíche] (COM(2020)0098),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 12 Bealtaine 2021 dar teideal *Pathway to a Healthy Planet for All – EU Action Plan: Towards Zero Pollution for Air, Water and Soil* [Conair i dtreo Pláinéad Sláintiúil do Chách – Plean Gníomhaíochta AE: I dtreo Truailliú Nialasach don Aer, don Uisce agus don Ithir] (COM(2021)0400),

— ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 8 Márta 2022 dar teideal *REPowerEU: Joint European Action for more affordable, secure and sustainable energy* [REPowerEU: Gníomhaíocht chomhpháirteach Eorpach ar mhaithe le fuinneamh níos inacmhainne, níos sláine agus níos inbhuanaithe] (COM(2022)0108),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/523 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Márta 2021 lena mbunaítear Clár InvestEU ([2]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir ([3]) and do Rialachán (AE) 2021/1229 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Iúil 2021 maidir leis an tsaoráid iasachta don earnáil phoiblí faoin Sásra um Aistriú Cóir ([4]),

— ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta — an Eoraip Dhomhanda ([5]),

— ag féachaint do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe,

— ag féachaint do thuarascáil 2019 ó Counter Balance dar teideal *Is the EIB up to the task in tackling fraud and corruption? Challenges for the EU Bank's governance framework* [An bhfuil BEI in inmhe dul i ngleic leis an gcalaois agus leis an éilliú? Dúshláin do chreat rialachais Bhanc an Aontais Eorpaigh],

— ag féachaint do rún uaithi an 16 Eanáir 2020 maidir le hinstitiúidí agus comhlachtaí an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadaíochta: coinbhleachtaí leasa tar éis fostaíocht phoiblí a chosc ([6]),

— ag féachaint do litir an 22 Iúil 2016 ón Ombudsman Eorpach chuig Uachtarán BEI maidir le coinbhleacht leasa agus do fhreagra an 31 Eanáir 2017 ó Uachtarán BEI,

— ag féachaint do thuarascáil chigireachta ón Ombudsman Eorpach an 18 Bealtaine 2022 i gcás OI/1/2021/KR ar an gcaoi a láimhseálann an Coimisiún an dúshlán a bhaineann le cásanna "dorais imrothlaigh" a bhaineann lena (iar)bhaill foirne,

— ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Buiséid (A9-0165/2022),

A. de bhrí, faoi Airteagal 309 CFAE, go bhfuil sé de chúram ar BEI rannchuidiú le baint amach chuspóirí an Aontais, lena n-áirítear trí ionstraimí éagsúla infheistíochta amhail iasachtaí, gnáthscaireanna, ráthaíochtaí, saoráidí comhroinnte riosca agus seirbhísí comhairleacha;

([1]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 2.
([2]) IO L 107, 26.3.2021, lch. 30.
([3]) IO L 231, 30.6.2021, lch. 1.
([4]) IO L 274, 30.7.2021, lch. 1.
([5]) IO L 209, 14.6.2021, lch. 1.
([6]) IO C 270, 7.7.2021, lch. 113.

B. de bhrí gur shínigh BEI iasachtaí i leith tuairim is EUR 95 bhilliún in 2021 agus gur thacaigh sé le thart ar 430 000 fiontar beag agus meánmhéide (FBManna) agus cuideachta mheánchaipitlithe, arb iad cnámh droma mhargadh aonair an Aontais iad; de bhrí go raibh EUR 75 bhilliún nasctha le hoibríochtaí Ghrúpa BEI agus go raibh na hiasachtaí eile faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh Ráthaíochta; de bhrí gur thacaigh EUR 20,7 billiún de mhaoiniú Ghrúpa BEI leis an nuálaíocht, lena n-áirítear infheistíocht sa digitiú agus cur chun cinn scileanna agus oiliúna don saol digiteach, rud a chuir go mór le hiomaíochas domhanda an Aontais agus le fostaíocht san Aontas; de bhrí gur mó méid iomlán na síniúchán ná an méid ó aon bhanc iltaobhach eile agus é ina churiarracht ag BEI;

C. de bhrí gur ionsaigh an Rúis an Úcráin an 24 Feabhra 2022, rud a chruthaigh géarchéim dhaonnúil san Úcráin agus a d'imir tionchar bunúsach ar an staid eacnamaíoch agus slándála san Aontas agus ina chomharsanacht; de bhrí gur fhormheas Bord Stiúrthóirí BEI Pacáiste Dlúthpháirtíochta Éigeandála EUR 668 milliún don Úcráin an 4 Márta, agus gur fhormheas sé ina dhiaidh sin íocaíochtaí breise le Rialtas na hÚcráine le haghaidh na riachtanas ba phráinní; de bhrí gur gheall BEI EUR 4 bhilliún ag Stand Up For Ukraine, ócáid tiomsaithe airgid domhanda chun tacú le híospartaigh ionradh na Rúise agus chun tacú le dídeanaithe cogaidh ón Úcráin sna Ballstáit, d'fhonn eochairbhonneagar sóisialta a mhaoiniú, lena n-áirítear tithíocht, scoileanna, ospidéil agus naíscoileanna;

D. de bhrí go bhfuil paindéim an choróinvíris tar éis a bheith ina suaitheadh damanta domhanda agus iarmhairtí forleathana sóisialta agus eacnamaíocha ann dá deasca; de bhrí, le linn na paindéime, gur shínigh BEI thart ar EUR 6,3 billiún d'iasachtaí mar chuid den fhreagairt ar COVID-19 san earnáil sláinte, lena n-áirítear tionscadail le haghaidh bonneagar sláinte agus ospidéil agus trealamh leighis, chomh maith le neartú na gcóras sláinte leighis le hidirghabhálacha ullmhachta paindéime; de bhrí go raibh acmhainní a slógadh le linn na paindéime ina sprioc tharraingteach don chalaois agus don éilliú, mar a cuireadh i bhfios go láidir sa Tuarascáil Ghníomhaíochta ar Imscrúduithe Calaoise, 2020 ó BEI; de bhrí gur cheart do BEI na bearta is gá a ghlacadh chun a áirithiú go sroicheann acmhainní na tairbhithe atá beartaithe dóibh;

E. de bhrí go raibh tionchar mór ag iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha ghéarchéim COVID-19 agus ag an bhfogha míleata neamhdhleathach gan chúis gan údar faoin Úcráin agus ag an ionradh ar an Úcráin ar fhás cothrom, cuimsitheach agus inbhuanaithe, ar an infheistíocht, ar an athléimneacht, ar an bhfostaíocht, ar an oideachas agus ar éagothromaíochtaí socheacnamaíocha; de bhrí go bhfuil tionchar díréireach ag an mboilsciú ard agus ag praghsanna fuinnimh, breosla agus bia atá ag ardú ar na teaghlaigh is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa tsochaí;

Barúlacha ginearálta

1. á chur i bhfáth go bhfuil ról bunúsach ag BEI mar bhanc poiblí an Aontais agus an t-aon institiúid idirnáisiúnta airgeadais atá faoi úinéireacht iomlán na mBallstát agus atá á treorú go hiomlán ag beartais agus caighdeáin an Aontais agus ag tacú leis an téarnamh sóisialta agus eacnamaíoch agus ag spriocdhíriú infheistíochtaí chun cuspóirí an Aontais a bhaint amach; ag tabhairt dá haire gur ann do Thuarascáil Infheistíochta BEI, 2021/2022 agus do Phlean Oibríochtúil Ghrúpa BEI, 2022-2024; á chur in iúl gur geal léi an infheistíocht is mó riamh a rinne BEI in 2021, is é sin beagnach EUR 95 bhilliún de mhaoiniú, agus an fócas atá ag an mbanc ar dhúshláin fhadtéarmacha an Aontais maidir leis an athrú aeráide, maidir leis an gcomhtháthú sóisialta agus maidir leis an gclaochlú digiteach;

2. ag déanamh géarcháineadh ar an bhfogha míleata neamhdhleathach gan chúis gan údar a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin agus ar an ionradh a rinne Cónaidhm na Rúise ar an Úcráin, agus ar rannpháirtíocht na Bealarúise san fhogha sin; á chur i bhfios go láidir gur cruthaíodh leis an gcogadh géarchéim dhaonnúil thromchúiseach agus go raibh tionchar bunúsach aige ar an staid eacnamaíoch agus slándála san Aontas agus ina chomharsanacht, agus go gcaithfear é sin a léiriú i ngníomhaíochtaí agus pleananna infheistíochta BEI ar bhonn níos leithne;

3. á chur in iúl gur geal léi freagairt BEI ar ionradh na Rúise san Úcráin tríd an bPacáiste Dlúthpháirtíochta Éigeandála a fhormheas, arb é atá ann, inter alia, tacaíocht airgeadais láithreach EUR 668 milliún d'údaráis na hÚcráine trí dhlús a chur le heisíocaíochtaí faoi iasachtaí atá ann cheana mar aon le gealltanas go ndéanfar EUR 1,3 billiún breise a sholáthar; ag tabhairt dá haire go n-áirítear sa phacáiste sin tacaíocht airgeadais láithreach agus tacaíocht don bhonneagar sa mheántéarma agus san fhadtéarma, lena n-áirítear iarrachtaí atógála a luaithe a athbhunófar Úcráin shaor neamhspleách i ndiaidh an chogaidh; á iarraidh ar BEI oibriú ar phleananna gníomhaíochta chun infheistíochtaí díreacha de chuid an Aontais san Úcráin a dhreasú, lena n-áirítear tionscadail nua eacnamaíocha agus shóisialta iarchogaidh, amhail scoileanna, tithíocht shóisialta agus ospidéil; á thabhairt chun suntais a thábhachtaí atá iarrachtaí comhordaithe sa fhreagairt ar ghéarchéim na hÚcráine;

Déardaoin 7. Iúil 2022

4. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit sásra tuairiscithe a chur ar bun gan mhoill chun na húdaráis inniúla a chur ar an eolas faoi aon sócmhainn nó gach sócmhainn atá ina seilbh ag daoine nádúrtha agus dlítheanacha Rúiseacha agus Bealarúiseacha a bhfuil naisc acu le réimis Putin agus Lukashenka in institiúidí airgeadais Eorpacha, lena n-áirítear i nGrúpa BEI i gcás inarb ábhartha; á iarraidh ar BEI a bheith an-airdeallach agus smachtbhannaí agus bearta nua arna gcomhaontú ag an gComhairle a leanúint go géar; ag meabhrú gur scoir BEI dá oibríochtaí sa Rúis tar éis ionghabháil neamhdhleathach na Crimé in 2014; ag dréim leis, ina theannta sin, go gcuirfidh BEI stop le rannpháirtíocht aon chomhpháirtithe díreacha nó indíreacha Rúiseacha a bhfuil baint acu le tionscadail infheistíochta, lena n-áirítear trí idirghabhálaithe airgeadais;

5. á iarraidh ar na Ballstáit, ina gcáil mar scairshealbhóirí, caipitliú BEI a mhéadú chun go mbeidh tuilleadh iasachtaí fadtéarmacha agus ionstraimí nuálacha ann chun tionscadail a mhaoiniú a bhfuil an-fhéidearthacht ag baint leo ó thaobh na hinbhuaine de, ó thaobh tairbhí sóisialta agus nuálaíochta de in eochair-réimsí beartais an Aontais, amhail an digitiú agus an claochlú glas, agus rátáil ard chreidmheasa reatha BEI á coimeád ag an am céanna;

6. á chur in iúl gur geal léi gur thacaigh BEI le breis agus 430 000 FBM a fhostaíonn 4,5 milliún duine in 2021; á iarraidh ar BEI, áfach, breis caipiteal fáis a chur ar fáil chun go mbeidh ar chumas FBManna a gcuid oibríochtaí a uas-scálú; ag tabhairt dá haire go bhfuil tionchar freisin ag na ardphraghsanna fuinnimh atá ann faoi láthair ar iomaíochas FBManna; á iarraidh ar BEI a mheas an leor an leibhéal tacaíochta atá ann faoi láthair do FBManna i gcomhthéacs ardphraghsanna fuinnimh agus costais mhéadaitheacha na n-amhábhar;

7. á chur in iúl gur díol molta di gur caitheadh EUR 20,7 billiún de mhaoiniú BEI chun tacú leis an nuálaíocht in 2021, lena n-áirítear infheistíocht sa digitiú agus cur chun cinn scileanna agus oiliúna don saol digiteach; á mheas go bhfuil an cineál seo infheistíochta ríthábhachtach chun iomaíochas na hEorpa a choimeád agus chun neamhspleáchas straitéiseach an Aontais a shaothrú agus go bhfuil sé thar a bheith ábhartha d'fhostaithe in earnálacha a bhfuil coigeartú agus athcháiliú suntasach de dhíth orthu;

8. á chur in iúl gur geal léi an Treoshuíomh Comhtháthaithe nua, ina ngealltar gníomhaíochtaí iasachtaithe BEI a mhéadú go 45 % d'iasachtú iomlán AE-27 sna réigiúin chomhtháthaithe faoi 2025 agus go 23 % sna réigiúin is lú forbairt; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá gníomhaíocht mhéadaithe ar son na haeráide sna réigiúin lena mbaineann, d'fhonn cóineasú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a chur chun cinn mar aon le haistriú cóir gan aon duine a fhágáil ar lár, agus á chur i bhfáth gur cheart infheistíochtaí a roghnú ar bhonn fiúntas airgeadais, eacnamaíoch agus theicniúil; á iarraidh ar BEI leanúint d'aghaidh a thabhairt ar easnaimh shistéamacha lena gcuirtear cosc ar réigiúin nó tíortha áirithe leas iomlán a bhaint as deiseanna airgeadais BEI, inter alia trína chuid iarrachtaí a neartú chun a ghníomhaíochtaí iasachta a leathnú trí chúnamh teicniúil, fothú acmhainneachta agus tacaíocht chomhairleach a chur ar fáil, go háirithe sa nuálaíocht, sa digitiú, sa bhonneagar, sa tacaíocht do FBManna agus i dtionscadail atá dírithe ar fhostaíocht ardcháilíochta a ghiniúint, agus trí thosaíocht a thabhairt do thionscadail lena laghdaítear éagothromaíochtaí agus lena gcuirtear an éagsúlacht shóisialta agus an cuimsiú sóisialta chun cinn; á iarraidh, i ndáil leis an méid sin, go dtabharfar tacaíocht mhéadaithe do sheirbhísí comhairleacha amhail an Comhchúnamh chun Tacú le Tionscadail i Réigiúin na hEorpa (JASPERS), an Cúnamh Áitiúil Fuinnimh Eorpach (ELENA) agus Fi-Compass;

9. á chur in iúl gur díol molta di tráthúlacht an Chiste Ráthaíochta Eorpaigh chun cabhrú le tionchair dhiúltacha shóisialta agus eacnamaíocha phaindéim COVID-19, lena n-áirítear trí thacú le FBManna; ag tabhairt dá haire gur fhormheas BEI, amhail ón 31 Nollaig 2021, EUR 23,2 billiún le haghaidh oibríochtaí an Chiste Eorpaigh Ráthaíochta (95 % de na EUR 24,4 billiún atá ar fáil), arb ionann é agus thart ar aon trian den mhéid a infheistíonn Grúpa BEI in aghaidh na bliana de ghnáth; ag tabhairt dá haire gur deacair, in éagmais na trédhearcachta maidir lena thairbhithe deiridh, teacht ar chonclúidí maidir leis an tionchar atá ag an gciste ar gheilleagar na hEorpa; á iarraidh, dá bhrí sin, go ndéanfar measúnú críochnúil ar an gciste, agus meastóireacht á déanamh ar a mhéid a thug rannpháirtíocht BEI breisluach agus a mhéid a bhain an ciste a chuspóirí amach agus an ionstraim á céimniú amach, agus ar leibhéal na trédhearcachta i gcur chun feidhme an chiste sin; á iarraidh go gcuirfear an measúnú ar fáil go poiblí; á chur in iúl gur geal léi go bhfuil meastóireacht ar an gCiste Eorpach Ráthaíochta faoi bhealach agus go bhfuil sí ag tnúth lena fáil;

10. á thabhairt dá haire gur ann don Chreat nua um Inbhuaine Comhshaoil agus Shóisialta (CSE); á chur in iúl gur geal léi gur glacadh an maoiniú inbhuanaithe mar shamhail oibriúcháin; á iarraidh go gcuirfear chun feidhme gan mhoill é agus go mbunóidh BEI nósanna imeachta soiléire dochta maidir leis an mbealach chun dícheall cuí a chur i gcrích; á iarraidh, ina theannta sin, go léireofar i gceart forálacha uile ESSF i gconarthaí agus go ndéanfaí an prionsabal "gan dochar suntasach a dhéanamh" a chur i bhfeidhm in oibríochtaí uile BEI;

11. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh comhaontú InvestEU idir BEI agus an Coimisiún an 7 Márta 2022 agus gur comhpháirtí cur chun feidhme ar leithligh é an Ciste Eorpach Infheistíochta; á iarraidh go ndéanfar Mol Comhairleach nua InvestEU a chur chun feidhme go pras agus á chur i bhfios go láidir gur gá dlús a chur leis an gcaibidlíocht le comhpháirtithe cur chun feidhme eile;

Banc aeráide

12. á chur in iúl gur geal léi gur bhain 43 % den iasachtú in 2021 leis an aeráid agus leis an gcomhshaol – ardú ó 40 % in 2020 – agus ag moladh an rúin atá ann an sprioc iasachtaithe aeráide a bhaint amach in 2022; á chur in iúl gur geal léi freisin gur mhéadaigh sciar maoinithe glas BEI go 51 % – gan sainordú an Chiste Ráthaíochta Eorpaigh, lena ndírítear go sonrach ar FBManna atá buailte ag an bpaindéim, a áireamh; ag athdhearbhú gur cheart do shreafaí airgeadais uile BEI a bheith ag teacht go hiomlán le glan-astaíochtaí nialasacha faoi 2050 ar a dhéanaí agus le cuspóir méadaithe aeráide an Aontais le haghaidh 2030; á chur i bhfios go láidir nach mór don aistriú aeráide a bheith cuimsitheach cothrom; á chur i bhfáth nach mór d'infheistíochtaí glasa a bheith inmharthana agus nach mór do BEI seasamh ard creidmheasa (AAA) a choimeád; á iarraidh ar BEI, i ndáil leis sin, a iasachtú, a ionstraimí airgeadais, a chúnamh teicniúil agus a sheirbhísí comhairleacha a ghiaráil chun tacú le daoine agus réigiúin a bhfuil dúshláin shocheacnamaíocha os a gcomhair ag eascairt as an aistriú i dtreo geilleagar atá neodrach ó thaobh carbóin de; á thabhairt chun suntais gur túsphointe maith é Treochlár an Bhainc Aeráide (CBR), ach go mbeidh gá le tuilleadh gníomhaíochta chun ailíniú le cuspóirí Chomhaontú Pháras a áirithiú, agus indéantacht an chuspóra 1,5 °C á coimeád ag an am céanna, agus chun aistriú cóir a áirithiú; ag athdhearbhú nach féidir athrú ar mhórscála a bhaint amach ach amháin má bhíonn earnáil na tionsclaíochta páirteach ann agus má chuirtear na dreasachtaí riachtanacha ar fáil le haghaidh réitigh nuálacha aeráide agus chun poist ardcháilíochta a chruthú; á iarraidh go ndéanfaí gach plean gníomhaíochta maidir le cur chun feidhme CBR a chur ar fáil go poiblí a luaithe is féidir chun forléargas a thabhairt ar na gníomhaíochtaí atá beartaithe chun na spriocanna a bhaint amach agus chun a leordhóthanacht a mheas;

13. ag tnúth le hathbhreithniú meántéarma CBR agus á chur i bhfáth go gcaithfear borradh a chur faoi chlaochlú na hinstitiúide ina fíorbhanc aeráide lena n-éascófar caomhnú acmhainní nádúrtha agus cosaint an chomhshaoil; ag dréim leis go ndéanfar gach iasachtú a chomhchuibhiú de réir chuspóirí Chomhaontú Pháras, agus indéantacht an chuspóra 1,5 °C á coimeád ag an am céanna, agus gealltanais aeráide agus chomhshaoil an Aontais; á iarraidh go n-áireofar in athbhreithniú meántéarma CBR measúnú láidir ar roghanna eile nach bhfuil chomh dian ar charbón agus ar astaíochtaí "Scóip 3" i ndáil le gach tionscadal; ag dréim le tuarascálacha bliantúla mionsonraithe ar dhul chun cinn maidir le CBR i ndáil le gach uile oibríocht amhail ó 2023, lena n-áirítear a mhéid atá sé ailínithe le cuspóirí aeráide an Aontais;

14. á chur in iúl gur geal léi Ailíniú Pháras le haghaidh Contrapháirtithe agus ag dréim leis go gcuirfear chun feidhme ina iomláine é; ag athdhearbhú a hiarrata ar idirghabhálaithe airgeadais, agus ní hamháin ar chliaint chorparáideacha, pleananna dícharbónaithe a bheith acu a luaithe is féidir agus faoi dheireadh 2025 ar a dhéanaí; á chur i bhfáth nach bhféadfaidh na ceanglais nua sin dochar a dhéanamh don rochtain ar mhaoiniú atá ag FBManna; á iarraidh go ndíreofar ar inchreidteacht pleananna dícharbónaithe gearrthéarmacha; á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go dian na pleananna sin agus na spriocanna maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus go ndéanfar meastóireacht chun a fháil amach an féidir iad sin a áireamh i gclásail chonarthacha idir BEI agus a chliaint; ag dréim leis go ndéanfaidh BEI an comhlíonadh a sheiceáil agus a áirithiú go córasach, go háirithe maidir le cur chun feidhme ESSF;

15. á chur in iúl gur geal léi an méadú atá ag teacht ar infheistíochtaí BEI san fhuinneamh san Eoraip, agus méadú tagtha orthu ó EUR 10 mbilliún in 2018 go breis agus EUR 14 bhilliún in 2021; á iarraidh ar BEI, i bhfianaise na rudaí a thit amach le déanaí i gcúrsaí geopholaitiúla, dlús a chur le hinfheistíochtaí i slándáil fuinnimh an Aontais agus iad a mhéadú, agus ag athdhearbhú go bhfuil feabhas a chur ar shlándáil fuinnimh an Aontais i gcomhréir le ról BEI mar bhanc aeráide, chomh maith leis an aidhm atá ann laghdú a chur ar an mbochtaineacht fuinnimh, atá ag dul in olcas i ngeall ar an ardú tapa atá ag teacht ar phraghsanna fuinnimh agus breosla; ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI prionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh a chur chun feidhme ina iomláine agus cuspóir dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh a leagan síos ina iasachtú fuinnimh; ag athdhearbhú a cuid tacaíochta do bheartas BEI maidir le hiasachtú fuinnimh, 2019; á iarraidh ar BEI tús áite a thabhairt do chistiú d'infheistíochtaí fuinnimh inathnuaite, don éifeachtúlacht fuinnimh agus don tslándáil fuinnimh, a chuirfidh le neamhspleáchas an Aontais ar thríú tíortha; á iarraidh ar BEI an t-iasachtú do na tionscadail sin a uas-scálú chun an spleáchas ar fhuinneamh agus allmhairí amhábhar ón Rúis agus ó thríú tíortha eile a laghdú go tapa;

16. á chur in iúl gur geal léi Plean BEI maidir le hOiriúnú don Athrú Aeráide agus an gealltanas an sciar den ghníomhaíocht aeráide a bhaineann le hoiriúnú a mhéadú go 15 % den sprioc fhoriomlán aeráide faoi 2025; ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh modhanna scagtha comhchuibhithe ann chun measúnú a dhéanamh ar an riosca fisiciúil aeráide do ghníomhaíochtaí iasachtaithe uile BEI, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí sin a dhéantar trí idirghabhálaithe airgeadais;

Déardaoin 7. Iúil 2022

17. ag meabhrú, i bhfianaise an athbhreithnithe meántéarma ar an mbeartas iasachtaithe fuinnimh atá ar na bacáin, an ráitis a rinne an tUachtarán Hoyer ag preasagallamh bliantúil Ghrúpa BEI an 27 Eanáir 2022: "Creidimid go bhfuil misean againn díriú ar an inbhuaine agus ar spriocanna Pháras a bhaint amach trí bhíthin institiúid fhadtéarmach infheisteoirí. […] Ní léir dom, mar sin, go dtiocfaidh aon athrú ar ár mbeartas iasachtaithe fuinnimh"; á iarraidh ar BEI na moltaí ón Ardán maidir le Maoiniú Inbhuanaithe a urramú agus stop a chur le maoiniú sócmhainní tréigthe agus le maoiniú gníomhaíochtaí atá ar neamhréir le spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip agus le straitéisí gaolmhara an Aontais; á iarraidh ar BEI díriú go háirithe ar infheistíochtaí i dtionscadail lena méadaítear slándáil an tsoláthair fuinnimh trí fhoinsí agus soláthróirí fuinnimh a éagsúlú, chomh maith le spleáchas an Aontais ar fhuinneamh ó thríú tíortha a laghdú; ag spreagadh BEI chun comhoibriú le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus maoiniú a éascú do thionscadail níos lú, lena n-áirítear tionscnaimh faoi stiúir an phobail ina ndírítear ar fhoinsí fuinnimh inathnuaite; á iarraidh ar BEI a áirithiú go gcuirfidh a chuid infheistíochtaí i dtithíocht shóisialta inacmhainne, a bhfuil fáilte le cur rompu, le feabhsú na héifeachtúlachta fuinnimh;

18. á chur in iúl gur oth léi na moilleanna ar an athbhreithniú ar an mbeartas iasachtaithe iompair; ag dréim leis go ndéanfar togra a cheapadh atá i gcomhréir iomlán le cuspóirí Chomhaontú Pháras, agus indéantacht an chuspóra 1,5 °C á coimeád ag an am céanna, lena n-áirítear fís i gcomhair ról BEI i ndícharbónú na soghluaisteachta lena ndíreofar go sonrach ar an aistriú ar leibhéal na gcuideachtaí; ag dréim leis go laghdófar le hiasachtaí BEI tionchar an iompair ar an gcomhshaol, agus ag an am céanna cáilíocht agus inacmhainneacht na seirbhísí a sholáthraítear a fheabhsú, agus ag dréim leis nach ndeonófar aon iasachtaí nua lena gcuirfear bac ar dhícharbónú an iompair nó ar an aistriú chuig soghluaisteacht astaíochtaí nialasacha atá níos inbhuanaithe agus níos inacmhainne; á chur i bhfáth go mbaineann baol mór le sócmhainní tréigthe in earnáil an iompair; á chreidiúint gur cheart tuilleadh cistithe a dhíriú ar an tsoghluaisteacht astaíochtaí nialasacha, go háirithe ar an rothaíocht agus ar fhorbairt agus nuachóiriú an iompair phoiblí, seirbhísí ilmhódacha, lena n-áirítear mar chuid de thionscadail um dhearadh inbhuanaithe uirbeach, agus seirbhísí iompair níos fearr do phobail agus do cheantair nach ndéantar freastal mar is cóir orthu; á iarraidh go gcuirfear tuilleadh cistithe ar fáil chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú;

Bithéagsúlacht agus inbhuaine

19. á chur in iúl gur geal léi caighdeán nuashonraithe 4 de chuid ESSF, eadhon "cailliúint na bithéagsúlachta a stopadh agus a aischur" a bheith á chur san áireamh mar phrionsabal, agus frithláireamh a theorannú, go háirithe i limistéir ard-bhithéagsúlachta, agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go dícheallach é; á chur in iúl gur geal léi na hiarrachtaí arna ndéanamh chun measúnú riosca bithéagsúlachta agus dícheall cuí a neartú tríd an Uirlis Chomhtháite um Measúnú Bithéagsúlachta; ag dréim leis go mbeidh na sonraí a úsáidtear cothrom le dáta; á chur in iúl gur cúis bhuartha di, áfach, úsáid sonraí atá as dáta; ag dréim leis go gcomhlíonfaidh BEI Airteagail 11 agus 191 CFAE agus go gcuirfidh sé deireadh le cistí a eisíoc, agus go n-aistarraingeoidh sé iad más gá, má shuitear go foirmiúil fianaise nó riosca tromchúiseach i dtaobh drochthionchair ar an aeráid, ar an gcomhshaol nó ar phobail áitiúla, inter alia trí mheasúnuithe ar an tionchar ar an gcomhshaol;

20. ag meabhrú na sprice a ghabhann le straitéis bhithéagsúlachta an Aontais do 2030 EUR 20 billiún ar a laghad a chur ar fáil in aghaidh na bliana don chaiteachas ar an dúlra; á chur i bhfios go láidir go mbaineann an tsochaí ina hiomláine tairbhe as athbhunú an dúlra, atá ríthábhachtach do réimse leathan earnálacha eacnamaíocha, agus go bhféadfadh comhar na mBallstát le BEI agus le hinstitiúidí airgeadais eile a bheith ríthábhachtach chun an bhearna sa mhaoiniú a dhúnadh; ag admháil na ndúshlán agus an dul chun a rinneadh le linn chur chun feidhme na Saoráide Maoiniúcháin um Chaipiteal Nádúrtha; ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfear comhpháirt deontais ar fáil faoin tsaoráid nó faoi aon ionstraim a thiocfaidh ina diaidh, agus samhail an tSásra um Aistriú Cóir á glacadh mar inspioráid, chun tacú le huas-scálú tionscadal áitiúil agus chun giniúint ioncaim a éascú; á iarraidh go seolfar meastóireacht neamhspleách phoiblí atá leabaithe i measúnú níos leithne ar thacaíocht d'athbhunú na n-éiceachóras agus na bithéagsúlachta; ag tabhairt dá haire go bhfuil ionstraimí nua le cur in ionad na Saoráide Maoiniúcháin um Chaipiteal Nádúrtha faoi chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027; ag tathant ar BEI, dá bhrí sin, tionscadail lena ndéantar an bhithéagsúlacht a fhritháireamh i limistéir faoi chosaint agus i limistéir ard-bhithéagsúlachta a eisiamh ó ionstraimí nua;

21. ag tabhairt dá haire gur táirgeoirí móra barr bia, lena n-áirítear cruithneacht, arbhar agus eorna, iad an Úcráin agus an Rúis; ag tabhairt dá haire go bhfuil an cogadh tar éis cur isteach go damanta ar earnáil talmhaíochta na hÚcráine; ag tabhairt dá haire, ina theannta sin, gur táirgeoirí móra leasachán iad an Rúis agus an Bhealarúis; ag cur in iúl gur oth léi go bhféadfadh éifeachtaí iarmharta móra a bheith ag an gcogadh ar shlabhraí soláthair trasteorann, ar phraghsanna bia agus leasachán, ar inacmhainneacht an bhia san Aontas, agus ar shlándáil agus ar inacmhainneacht an bhia ar fud an domhain; ag spreagadh BEI chun a chuid oibríochtaí a úsáid chun éascaíocht a dhéanamh ar chur chun feidhme spriocanna an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip, na straitéise "ón bhfeirm go dtí an forc" agus na straitéise bithéagsúlachta do 2030, chomh maith le cur chun feidhme gach rialacháin ábhartha agus gach rialacháin atá ar na bacáin de chuid an Aontais maidir

le táirgí saor ó fhoraoisiú agus maidir le hathbhunú de dhroim na straitéisí sin; á iarraidh ar BEI gan tacú le gníomhaíochtaí lena gcuirtear bac ar an aistriú i dtreo earnáil talmhaíochta atá inbhuanaithe go hiomlán agus i dtreo tionscadail bainistithe acmhainní nádúrtha nach n-urramaítear teorainneacha pláinéadacha leo; á iarraidh ar BEI gan tacaíocht a thabhairt d'aon chineál feirmeoireachta tionsclaíche nó cleachtas feirmeoireachta nach gcomhlíontar leo caighdeáin leasa ainmhithe an Aontais, mar a leagtar amach sa mholadh ón bParlaimint an 20 Eanáir 2022 chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún tar éis imscrúdú a dhéanamh ar sháruithe líomhnaithe agus ar dhrochriarachán i gcur i bhfeidhm dhlí an Aontais i ndáil le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar laistigh agus lasmuigh den Aontas ([7]);

22. ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI tacú le spriocanna straitéis an Aontais don inbhuaine i ndáil le ceimiceáin mar chuid dá oibríochtaí nua, trí bhorradh a chur faoin nuálaíocht le haghaidh ceimiceáin, ábhair agus táirgí atá sábháilte agus inbhuanaithe trína ndearadh, trí phlean gníomhaíochta an gheilleagair chiorclaigh bunaithe ar thimthriallta ábhar neamhthocsaineach agus tríd an bplean gníomhaíochta i dtreo neamhthruailliú le haghaidh uisce, aeir agus ithreach; á chur in iúl gur geal léi an dúbailt arna déanamh ar thionscnamh na nAigéan Glan (ó EUR 2 go 4 bhilliún faoi 2025) chun dramhaíl phlaisteach a laghdú; á chur i bhfios go láidir gur cheart béim a leagan ar thionscadail atá dírithe ar theacht ar roghanna inbhuanaithe eile seachas plaistigh aon úsáide; á iarraidh ar BEI gan an mhianadóireacht dhomhainfharraige a chistiú agus gan rannchuidiú ar bhealach ar bith le forbairt an chéanna; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh ó BEI cúnamh teicniúil agus maoiniú tionscadail a chur ar fáil don Ghealltanas Domhanda Meatáin;

23. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil bannaí feasachta aeráide agus bannaí feasachta inbhuaine á n-eisiúint go leanúnach ar bhonn ilairgeadra; á chur in iúl gur geal léi, ina theannta sin, an gealltanas i dtaobh ailíniú le Caighdeán Bannaí Glasa an Aontais agus aon "Chaighdeán Bannaí Sóisialta" a bheidh ann amach anseo, i dtaobh an trédhearcacht a mhéadú go háirithe, agus i dtaobh feabhas a chur ar leithdháileadh bannaí agus ar thuairisciú tionchair; á áitiú nár cheart ísliú caighdeán a bheith mar thoradh ar aon bhearta den sórt sin;

Freagracht shóisialta, sláinte agus inscne

24. á chur in iúl gur geal léi go n-áirítear cearta saothair i gcaighdeán 8 de ESSF agus á iarraidh go ndéanfar na cearta saothair sin a chur chun feidhme go dian; á iarraidh ar BEI a áirithiú go dtugtar cuntas níos fearr ar chearta saothair ina chuid oibríochtaí trí chlásail chonarthacha a chur isteach lena gcuirtear de cheangal ar thionscnóirí measúnú a dhéanamh ar rioscaí saothair, agus a áirithiú go dtugtar cosaint iomlán do chearta saothair feadh an tslabhra soláthair ina iomláine; á iarraidh ar BEI tacú le téarnamh cuimsitheach tar éis na paindéime trí infheistíochtaí a dhéanamh san earnáil shóisialta, lena n-áirítear i dtithíocht shóisialta atá tíosach ar fhuinneamh, san oideachas, sa tsláinte agus i scileanna, agus ag leagan béim ar a thábhachtaí atá sé dálaí oibre atá cothrom, sábháilte agus sláintiúil a fhorbairt agus cearta saothair a urramú;

25. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil ról lárnach ag BEI i dtaobh tacú le freagairt an Aontais ar an ngéarchéim shláinte; á iarraidh ar BEI leanúint de na hinfheistíochtaí chun earnáil na sláinte poiblí a dhéanamh níos athléimní, chun srian a chur le tionchair dhiúltacha fhadtéarmacha na paindéime agus chun ullmhacht a fheabhsú do phaindéimí amach anseo;

26. á chur i bhfios go láidir go bhfuil infheistíochtaí forbartha ina mbíonn mná páirteach agus ina gcuirtear a riachtanais san áireamh níos éifeachtaí agus níos inbhuanaithe; á iarraidh ar BEI rannchuidiú le gealltanais inscne an Aontais a chur chun feidhme ina n-iomláine, lena n-áirítear an tríú plean gníomhaíochta inscne, trí shonraí spriocdhírithe atá imdhealaithe ó thaobh inscne de a bhailiú go córasach agus iad a phoibliú; ag tathant ar BEI measúnú a dhéanamh ar an tionchar inscne a bhíonn ag tionscadail laistigh agus lasmuigh den Aontas, agus tuarascáil a thabhairt ar thorthaí a chuid measúnuithe; á mheas gur cheart sonraí a bhailiú ar thionscadail chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a rannchuidíonn siad leis an gcomhionannas inscne agus le cumhachtú na mban; ag tathant ar BEI measúnú a dhéanamh ar thionchar inscne na dtionscadal agus idirchaidreamh a dhéanamh le saineolaithe neamhspleácha chuige sin; á iarraidh ar BEI a áirithiú go bhfuil an cúnamh comhairleach agus teicniúil atá aige in ann comhionannas inscne agus forbairt chuimsitheach a chur chun cinn, go háirithe tríd an saineolas riachtanach a bheith aige, agus béim ar leith á leagan ar an oiliúint; á thabhairt chun suntais a riachtanaí atá sé dlús a chur le hiasachtú le FBManna atá faoi stiúir na mban chun téarnamh atá cothrom ó thaobh inscne de a chur chun cinn;

27. á chur in iúl gur oth léi nár chomhlíon BEI a spriocanna bunaidh maidir le cothromaíocht inscne do 2021 agus gur tearc fós iad na mná i bpoist shinsearacha in BEI; á iarraidh ar BEI, dá bhrí sin, dlús a chur lena iarrachtaí feabhas a chur ar an gcothromaíocht inscne ar gach leibhéal den eagraíocht;

([7]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2022)0015.

Déardaoin 7. Iúil 2022

28. á chur i bhfios go láidir gur ann do ról BEI i dtaobh rannchuidiú le tosaíochtaí Eorpacha a chomhlíonadh; ag dréim leis go dtacóidh an banc le tionscadail lena gcuirtear i gcrích cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe agus na moltaí sóisialta arna sainaithint sna moltaí tírshonracha faoin Seimeastar Eorpach; ag cur i bhfáth a thábhachtaí atá an t-idirphlé agus an comhairliúchán le heagraíochtaí na sochaí sibhialta agus ag spreagadh BEI chun a thiomantas do na gníomhaíochtaí sin a neartú; á chur in iúl gur geal léi infheistíocht BEI san oideachas agus ag athdhearbhú go bhfuil sí ag iarraidh ar BEI a infheistíocht san oideachas a mhéadú chun cuidiú le maolú a dhéanamh ar thionchair thromchúiseacha ghéarchéim an choróinvíris ar chórais oideachais ar fud an domhain;

An Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – BEI Domhanda

29. ag cur a tacaíochta in iúl do BEI Domhanda agus á mheas gur féidir le BEI ról lárnach a imirt maidir le tacú le leasanna straitéiseacha an Aontais; á mheabhrú go bhfuil raon feidhme geografach BEI ailínithe le raon feidhme geografach an Bhainc Dhomhanda; ag dréim leis go mbeidh infheistíochtaí BEI i dtríú tíortha ailínithe go hiomlán leis na caighdeáin aeráide, bhithéagsúlachta agus shóisialta de chuid an Aontais is infheidhme maidir le hiasachtú laistigh den Aontas agus ailínithe go hiomlán le beartais gníomhaíochta seachtraí an Aontais, lena n-áirítear infheistíochtaí a dhéantar mar chomhpháirtí cur chun feidhme i dtionscnamh na Tairsí Domhanda; á iarraidh ar BEI méadú a chur ar a rannpháirtíocht i dtíortha beagfhorbartha agus iontu siúd atá thíos le coinbhleacht agus le fíorbhochtaineacht; á iarraidh go ndéanfar comhairliúchán poiblí agus go mbeidh trédhearcacht iomlán ann maidir leis na straitéisí a bhaineann le BEI Domhanda agus béim ar leith á leagan ar ról na dtíortha is faighteoirí agus ar chaibidlí sonracha maidir le dícheall cuí i leith chearta an duine; á iarraidh go mbeidh cuntasacht agus trédhearcacht iomlán ag gabháil le comhlacht rialaithe BEI Domhanda agus le Comhairle Chomhairleach BEI Domhanda, lena n-áirítear cláir agus miontuairiscí chruinnithe na Comhairle Comhairlí nua a fhoilsiú go réamhghníomhach; á iarraidh go gcuirfear oiliúint oiriúnach ar an bhfoireann i gcúrsaí forbartha chun cabhrú leo tionscnaimh Straitéis Dhomhanda an Aontais agus Fhoireann na hEorpa a chur chun feidhme; á iarraidh ar an gCoimisiún soiléiriú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as na ráthaíochtaí faoin gCiste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus arna mbainistiú ag BEI agus ag institiúidí airgeadais eile i gcur chun feidhme thionscnamh na Tairsí Domhanda;

30. ag meabhrú thiomantas domhanda an Aontais cearta an duine a chosaint agus a chur chun cinn, ar cearta iad atá doroinnte, uilíoch agus idirspleách; ag breathnú ar an ESSF nua mar thúsphointe maith, ach ag athdhearbhú na hiarrata atá déanta aici go mion minic go mbeidh gá le gníomhaíocht bhreise chun a áirithiú go gcuirfear tuilleadh feabhsuithe ar chosaint chearta an duine agus ar nósanna imeachta chun sáruithe ar chearta an duine a chosc; á mheabhrú go bhfuil BEI faoi cheangal díreach ag an gCairt um Chearta Bunúsacha; ag tabhairt aird ar na barúlacha a rinne Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine maidir leis an dréacht-ESSF ó BEI agus ag tathant ar BEI iad a chur san áireamh go hiomlán agus go pras, go háirithe na barúlacha sin maidir le dícheall cuí um chearta an duine agus comhtháthú chearta an duine ina nósanna imeachta díchill chuí, maidir le measúnuithe tionchair ar chearta an duine, agus maidir leis an ngá atá le tiomantas ginearálta BEI um chearta an duine a dhaingniú i bhfreagracht cearta an duine a urramú; á iarraidh go dtabharfar aghaidh ar na saincheisteanna sin sa ráiteas maidir le cearta an duine atá ar na bacáin; á chreidiúint go láidir nár cheart do BEI iasachtaí a eisíoc i gcás ina ndéantar frithbhearta soiléire i leith chearta an duine; á iarraidh ar BEI gach iarracht a dhéanamh pobail áitiúla a chosaint, lena n-áirítear trí chistiú a tharraingt siar i gcás inarb iomchuí; ag dréim leis, ina theannta sin, go ndéanfar beart láithreach nuair a bhíonn cliant nó úinéir tairbhiúil páirteach i mbearta díoltais i gcoinne duine a chosnaíonn cearta an duine nó cearta comhshaoil; ag dréim leis go gcuirfidh BEI chun feidhme iarrataí seanbhunaithe na Parlaiminte go seachnóidh sé na staideanna sin, go háirithe trí cheanglais chonarthacha a bhunú, lena n-áirítear ceanglas maidir le toiliú saor, roimh ré agus feasach a fháil ó phobail áitiúla, faoin dlí idirnáisiúnta i gcás inarb infheidhme, lena n-áirítear do thionscadail arna maoiniú trí idirghabhálaithe airgeadais; ag dréim leis go n-iarrfaidh BEI go ndéanfaidh a chliaint measúnuithe tionchair um chearta an duine ar a dtionscadail, chomh maith le faireachán leanúnach a dhéanamh ar chur chun feidhme na dtionscadal sin ar an láthair, chun mí-úsáid, díshealbhú éagórach nó foréigean ar bith i gcoinne daonraí áitiúla a chosc; á iarraidh, i ndáil leis sin, ar BEI dul i dteagmháil go gníomhach le pobail áitiúla agus iad a chur ar an eolas faoina gcearta dá réir sin, agus béim ar leith á leagan ar thoiliú saor, roimh ré agus feasach a chur chun feidhme, lena n-áirítear an rochtain atá acu ar an Sásra Gearán;

31. á chreidiúint gur cheart cur chun feidhme BEI Domhanda a bheith in ann brath ar leibhéal leordhóthanach foirne lasmuigh dá cheanncheathrú i Lucsamburg chun láithreacht ar an láthair agus comhar éifeachtach a áirithiú leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus lena toscaireachtaí, ós rud é go bhfuil saineolas ar an láthair agus obair leantach ar thionscadail ríthábhachtach ó thaobh tacú le pobail áitiúla; á iarraidh go dtreiseofar an fhoireann ar an láthair, na hoibrithe áitiúla go háirithe, chun freastal ar riachtanais áitiúla le scileanna teicniúla neartaithe, lena n-áirítear saineolas ar chearta an duine agus ar an gcomhionannas inscne; ag dréim leis go bhfoilseofar plean nithiúil acmhainní daonna in 2022 chun BEI Domhanda a chur chun feidhme agus á iarraidh ar BEI sásraí a neartú go práinneach chun calaois, éilliú agus iompar

toirmiscthe eile a chomhrac, go háirithe mar chuid de na hiarrachtaí a láithreacht lasmuigh den Aontas a mhéadú; ag tathant ar BEI a chomhar le húdaráis náisiúnta i dtíortha comhpháirtíochta a leathnú; á mheabhrú go bhfuil ceanncheathrú réigiúnach Nairobi ag feidhmiú ó 2019 i leith; á chur in iúl gur geal léi an cinneadh a rinneadh i mí na Samhna 2021 í a uasghrádú ina Mol nua Nairobi de chuid BEI, lena n-éascaítear comhar le comhpháirtithe ó Chéinia, ón Afraic, ó Fhoireann na hEorpa agus le comhpháirtithe domhanda, lena rannchuidítear le léiriú níos fearr a thabhairt ar thosaíochtaí infheistíochta príobháidí agus poiblí, agus lena leathnaítear an saineolas ar ghníomhú ar son na haeráide, ar nuálaíocht agus ar infheistíocht dhigiteach;

32. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá comhleanúnachas, breisíocht agus éifeachtúlacht an mhaoinithe don fhorbairt; á iarraidh ar BEI, i ndáil leis sin, an comhar leis na príomh-chomhpháirtithe a neartú; á iarraidh ar BEI rannpháirtíocht na ngníomhaithe beaga airgeadais forbartha ina chuid oibríochtaí a éascú; á iarraidh ar BEI, ina theannta sin, béim níos mó a leagan ar infheistíocht phríobháideach a phlódú isteach agus ar acmhainní intíre a chur in úsáid i dtíortha beagfhorbartha;

Trédhearcacht agus rialachas

33. á mheabhrú gur ann don sprioc fhoriomlán faisnéis faoi thionscadail a fhoilsiú trí seachtaine sula bhformheasann Bord BEI iad; á chur in iúl gur díol imní di an titim sa trédhearcacht, go sonrach maidir le faisnéis faoi thionscadail a chur ar fáil go poiblí ar bhealach tráthúil; á mheabhrú gurb amhlaidh, in 2010, a foilsíodh 96,1 % de na tionscadail go léir trí seachtaine roimh fhormheas an Bhoird, agus gurb amhlaidh a thit an ráta sin go 60 % in 2020; ag tabhairt dá haire gur ann don treocht íslitheach sin, dar le BEI, mar thoradh ar an rannpháirtíocht mhéadaithe atá ag BEI le cuideachtaí san earnáil phríobháideach; á chur in iúl gur oth léi an úsáid mhéadaitheach atá á baint as forálacha maidir le rúndacht gnó; ag admháil, sa chomhthéacs sin, a thábhachtaí atá forálacha maidir le rúndacht gnó, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide go háirithe, agus an trédhearcacht mar ghné lárnach de chosaint prionsabail an daonlathais, lena n-áirítear cearta an duine, agus á iarraidh ar BEI cothromaíocht a bhaint amach idir an dá rud, agus é á chur san áireamh gur airgead poiblí iad cistí BEI agus gur cheart iad a bheith faoi réir grinnscrúdú poiblí agus cuntasacht phoiblí i gcónaí; á iarraidh go mbeidh breis trédhearcachta agus cuntasachta ann, lena n-áirítear i leith institiúidí an Aontais agus i leith na Parlaiminte go háirithe; á thabhairt chun suntais, sa bhreis air sin, go bhfuil roinnt tionscadal ann a rinneadh le déanaí agus a raibh measúnú tionchair ar an gcomhshaol ag teastáil ina leith nár foilsíodh go dtí gur formheasadh iad; á mheabhrú, ina theannta sin, gurb é an caighdeán is fearr i ndáil le hinfheisteoirí príobháideacha gach tionscadal a fhoilsiú 30 lá ar a laghad sula bhformheastar iad agus go ndéanann an Chorparáid Airgeadais Idirnáisiúnta (ball de Ghrúpa an Bhainc Dhomhanda), nach maoiníonn ach tionscadail san earnáil phríobháideach, measúnuithe tionchair ar an gcomhshaol a fhoilsiú 60 lá sula ndéantar cinntí maoinithe; á mheabhrú nach mór do chuideachtaí atá liostaithe ar an stocmhalartán oibriú faoi rialacháin is infheidhme maidir leis an margadh caipitil, lena n-áirítear forálacha maidir le comhroinnt faisnéise; ag díriú aird ar mholtaí an Ombudsman Eorpaigh le déanaí gur gá do BEI "cur chuige níos uaillmhianaí i leith a chleachtais nochta" a ghlacadh, gníomhú i gcomhréir le dlíthe trédhearcachta an Aontais, agus a bheith níos trédhearcaí maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na tionscadail a mhaoiníonn sé ar an gcomhshaol; ag tathant ar BEI na moltaí sin a chur chun feidhme a luaithe is féidir;

34. ag athdhearbhú a hiarrata go mbeadh comhaontú idirinstitiúideach ann idir an Pharlaimint agus BEI chun feabhas a chur ar an rochtain ar dhoiciméid agus sonraí BEI agus chun an chuntasacht dhaonlathach a fheabhsú, lena n-áirítear an cumas ceisteanna i gcomhair freagra i scríbhinn a chur faoi bhráid BEI agus éisteachtaí agus idirphlé eacnamaíoch a eagrú;

35. á iarraidh ar BEI dlús a chur lena thuairisciú don Pharlaimint maidir lena chinntí, an dul chun cinn a baineadh amach agus tionchar a chuid gníomhaíochtaí iasachtaithe, go háirithe trí idirphléití struchtúrtha rialta;

36. á mheas gur deis a cuireadh amú é an beartas trédhearcachta nua; á iarraidh ar BEI a mhachnamh a dhéanamh ar mheasúnuithe criticiúla agus á chur in iúl gur oth léi go ndearna BEI neamhshuim d'éilimh an-soiléir na Parlaiminte feabhas a chur ar a bheartas trédhearcachta i gcomhréir leis na dea-chleachtais agus na caighdeáin atá ag institiúidí airgeadais eile; á chur in iúl gur geal léi gur foilsíodh ráitis tionchair breisíochta i ndáil le hoibríochtaí BEI mar chuid dá chreat um breisíocht agus um thionchar a thomhas; á chur in iúl gur oth léi nach ndéantar leis an mbeartas nua ach dul chun cinn beag maidir le foilsiú réamhghníomhach, lena n-áirítear i ndáil le tionscadail ar mó ná EUR 50 milliún a luach arna gcur chun feidhme ag idirghabhálaithe airgeadais, in ainneoin gur gá do BEI oibriú ar bhonn "thoimhde an nochta" chun a mhisean a chomhlíonadh mar bhanc poiblí an Aontais; ag tabhairt dá haire nach gcruthaítear leis an mbeartas nua oibleagáid ar BEI faisnéis maidir le roghnú tionscadail a fhoilsiú go réamhghníomhach, go háirithe faisnéis maidir le dícheall cuí, roimh chinneadh Bhord BEI, i gcomhréir le cleachtais na n-institiúidí idirnáisiúnta airgeadais; á chur in iúl gur cúis bhuartha di freisin na heisceachtaí i dtaobh rochtain ar dhoiciméid atá bunaithe ar leasanna tráchtála tríú páirtí agus an Treoir um

Déardaoin 7. Iúil 2022

Dhrochúsáid Mhargaidh ([8]); á chur in iúl gur oth léi, ina theannta sin, nach bhforáiltear sa bheartas do nochtadh tráthúil mhiontuairiscí an Bhoird agus an Choiste Bainistíochta; á iarraidh go dtabharfar aghaidh go práinneach ar na heasnaimh sin; á iarraidh go ndéanfar an beartas trédhearcachta a ailíniú le beartas an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha maidir le nochtadh éigeantach i gcás idirghabhálaithe tionscadal a bhfuil rioscaí arda comhshaoil ag gabháil leo agus ag athdhearbhú a hiarrataí go ndéanfar na ceanglais trédhearcachta arna n-ailíniú leis na ceanglais hidreachumhachta a leathnú chuig na tionscadail bhonneagair uile, lena n-áirítear na tionscadail sin atá á maoiniú ag idirghabhálaithe airgeadais;

37. á iarraidh, i dtaca leis sin, go mbeidh caighdeán uaillmhianach ann le haghaidh idirghabhálaithe airgeadais, agus caighdeáin dhiana chánach, trédhearcachta, chomhshaoil agus shóisialta á gcomhlíonadh acu; á iarraidh ar BEI a theimpléad le haghaidh clásail chonarthacha maidir le cúrsaí comhshaoil a leasú a luaithe is féidir agus, dá réir sin, leasú a dhéanamh ar na conarthaí le hidirghabhálaithe airgeadais lena leagtar síos ceanglais maidir leis an bhfaisnéis chomhshaoil nach mór a bhailiú agus a fhoilsiú; á chur i bhfáth, mar sin féin, nach ceadmhach leis na ceanglais nua sin dochar a dhéanamh don rochtain ar mhaoiniú atá ag FBManna;

38. ag tabhairt dá haire gur ann don chód iompair nuashonraithe agus ag cur in iúl gur geal léi na rialacha níos déine maidir le coinbhleachtaí leasa agus an gealltanas go ndéanfar athbhreithniú tréimhsiúil; á chur in iúl gur oth léi gurb amhlaidh, d'ainneoin iarrataí a bheith déanta go mion minic, nach bhfuil aon fhoráil ann lena n-eisiatar leas-uachtaráin ó fhormhaoirseacht a dhéanamh ar oibríochtaí ina dtíortha tionscnaimh agus á áitiú go gcaithfear aghaidh a thabhairt air sin sa chéad athbhreithniú eile;

39. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di an easpa idirphlé sóisialta in BEI, go háirithe chun aghaidh a thabhairt ar imní faoi chiapadh, faoin timpeallacht oibre agus faoi dhálaí oibre; ag dréim leis go n-áiritheoidh lucht bainistíochta BEI neamhfhulaingt gach cineáil mí-iompair agus go gcuirfidh siad chun feidhme mar ábhar práinne na hathruithe is gá chun mí-iompar a chosc; ag tathant ar lucht bainistíochta BEI dul i mbun fíor-idirphlé leis an bhfoireann chun aghaidh a thabhairt ar na hábhair imní atá acu agus chun muinín agus cultúr cuntasachta a chothú; ag spreagadh an bhainc chun suirbhéanna agus comhairliúcháin a sheoladh i measc a fhoirne;

40. á iarraidh ar an gCoimisiún an réasúnaíocht atá lena thuairim a fhoilsiú faoi nós imeachta Airteagal 19;

Neamhfhulaingt na calaoise

41. ag tabhairt dá haire gur ann don bheartas nua frithchalaoise agus á chur i bhfios go láidir go mbaineann tábhacht le comhar cuimsitheach agus eochairuirlisí beartais frithchalaoise á bhforbairt; á chur in iúl gur cúis bhuartha di nach ndéantar le beartas BEI maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac aghaidh a thabhairt ar easnaimh mhóra, eadhon na ceanglais ó cheathrú Treoir an Aontais maidir le Frithsciúradh Airgid ([9]) a chur san áireamh, go háirithe foilsiú seiceálacha "bíodh aithne agat ar do chustaiméirí" sula ndéantar aon tionscadal a fhormheas; á chur in iúl gur saoth léi, ina theannta sin, an easpa feabhais ar chaighdeáin trédhearcachta, eadhon deonú iasachtaí díreacha agus indíreacha a bheith faoi réir na tairbhithe d'fhoilsiú shonraí cánach agus cuntasaíochta na dtairbhithe agus na n-idirghabhálaithe airgeadais a bhfuil baint acu le hoibríochtaí maoiniúcháin; á chur in iúl gur oth léi nár choimisiúnaigh BEI iniúchtaí neamhspleácha ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán frithsciúrtha airgid aige; ag dréim leis go ndéanfaidh BEI é féin a ailíniú le creat rialála agus cleachtais rialála éabhlóiditheacha an Aontais maidir le frithsciúradh airgid agus maidir le maoiniú na sceimhlitheoireachta a chomhrac chun cur ar chumas an bhainc cosc éifeachtach a chur ar rannpháirtíocht in iompar toirmiscthe agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh, go háirithe trí eintitis a eisiamh, trí chistí a aisghabháil agus trí leas a bhaint as réitigh chonarthacha agus dhlíthiúla eile;

42. á iarraidh ar BEI gealltanas a thabhairt go neartóidh sé a bheartas i gcoinne calaois chánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach, lena n-áirítear trí staonadh ó chistiú a thabhairt do thairbhithe nó d'idirghabhálaithe airgeadais agus ó chomhoibriú le comhpháirtithe airgeadais a bhfuil cuntas teiste diúltach cruthaithe acu; á iarraidh ar BEI bearta coisctheacha agus measúnuithe cánach rialta a fhorfheidhmiú i gcoinne dlínsí cánach neamh-chomhoibríocha, i gcoinne calaois chánach agus fhioscach agus imghabháil cánach, agus i gcoinne seachaint cánach neamhdhleathach dhian; á iarraidh ar BEI iasachtaí díreacha agus indíreacha a dheonú i dtreo sonraí cánach agus cuntasaíochta de réir tíre a bheith á bhfoilsiú ag na tairbhithe agus i dtreo comhroinnt sonraí úinéireachta tairbhiúla ar na tairbhithe agus ar na hidirghabhálaithe airgeadais atá rannpháirteach in oibríochtaí maoiniúcháin, trí chlásal sonrach a chur sna conarthaí a shíníonn sé lena chliaint; á iarraidh ar Ghrúpa BEI a bheartas maidir le dlínsí lagrialáilte, neamh-thrédhearcacha agus neamh-chomhoibríocha agus maidir le dea-rialachas cánach a ailíniú le forbairtí éabhlóiditheacha rialála Eorpacha agus

([8]) Treoir 2014/57/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le smachtbhannaí coiriúla i leith drochúsáid mhargaidh (IO L 173, 12.6.2014, lch. 179).

([9]) Treoir (AE) 2015/849 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2015 maidir le cosc a chur le húsáid an chórais airgeadais le haghaidh sciúradh airgid nó mhaoiniú na sceimhlitheoireachta (IO L 141, 5.6.2015, lch. 73).

idirnáisiúnta i réimse na sláine cánach agus le caighdeáin agus beartais dea-rialachais i réimse an chánachais; á chur i bhfios go láidir go bhfuil comhar idirnáisiúnta ríthábhachtach chun calaois, éilliú agus iompar toirmiscthe eile a chomhrac go héifeachtach; á iarraidh ar BEI iompar toirmiscthe amhrasta a chur faoi bhráid na n-údarás laistigh agus lasmuigh den Aontas chun imscrúdú agus ionchúiseamh coiriúil breise a dhéanamh, agus cúnamh a thabhairt de réir mar a iarrtar é;

43. ag athdhearbhú a hiarrata go gcuirfear cistiú ar fionraí i gcás ina dtugtar fógra d'údaráis áitiúla agus/nó ina bhfuil siad i mbun nósanna imeachta dlíthiúla i gcoinne sáruithe a d'fhéadfadh a bheith déanta ar an reachtaíocht ábhartha, ar a laghad go dtí go dtabharfar imscrúduithe agus próisis bhreithiúnacha ar an leibhéal náisiúnta chun críche;

44. á mheabhrú gur iarr an Coimisiún ar BEI tuilleadh faisnéise a chomhroinnt maidir le cur i bhfeidhm éifeachtach na gclásal conarthach lena gcuirtear ar chumas BEI cistiú a stopadh nó a tharraingt siar agus go bhfuil sí ag dréim leis go mbeidh rochtain iomlán ag an bParlaimint ar an bhfaisnéis sin; ag dréim leis go ndéanfar faireachán críochnúil lena gcuirtear san áireamh go hiomlán an imní atá léirithe ag páirtithe agus geallsealbhóirí ábhartha, go háirithe maidir le sáruithe ar chearta an duine agus ar an smacht reachta;

45. ag athdhearbhú a héilimh go neartóidh BEI uathriail agus éifeachtúlacht na hOifige um an Sásra Gearáin agus an Rannáin um Imscrúdú Calaoise; á chur in iúl gur cúis bhuartha di gur ann do thuarascáil an-soiléir amháin ar a laghad maidir le Sásra BEI ina dtagtar ar an tátal go ndearnadh sárú ar chaighdeáin chomhshaoil agus shóisialta BEI; á chur in iúl gur geal léi, dá bhrí sin, gur ghníomhaigh an banc tar éis tuarascáil maidir leis an Sásra Gearán chun eisíocaíocht a chur ar fionraí; á chreidiúint, áfach, go bhfuil ceachtanna le foghlaim maidir le feabhas a chur ar an scagadh a dhéantar ar chomhlíonadh tionscadal le beartais an bhainc féin agus maidir leis an bpobal a chur ar an eolas faoi thionscadail; ag moladh, i gcás tionscadail choimpléascacha, gur cheart don bhanc cúnamh a lorg ó shaineolaithe comhshaoil agus sóisialta áitiúla chun tionscadail a mheasúnú ar bhealach níos críochnúla agus chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhthéacsanna sonracha; á iarraidh ar BEI, thairis sin, a áirithiú go gcloítear le caighdeáin ar feadh thimthriall iomlán an tionscadail agus gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh i gcás nach gcomhlíontar na caighdeáin, trí ghníomhaíocht feabhais éifeachtach, fhóinteach agus láithreach a dhéanamh, i gcás inar féidir, nó tríd an tionscadal a stopadh go pras; á chur in iúl gur cúis imní di, i gcás ina bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith i gceist le tionscadal, nach léir fós conas a mhaolófar an dochar arna dhéanamh; á iarraidh ar BEI gealltanas a thabhairt a chultúr trédhearcachta a threisiú trí ionadaíocht sainleasa eiticiúil a neartú tuilleadh, go háirithe trí chlár trédhearcachta a thabhairt isteach lena gceanglófar ar chomhaltaí an choiste bainistíochta a gcruinnithe le hionadaithe sainleasa a nochtadh; ag tathant ar BEI, thairis sin, fostaíocht iarphoiblí a sheachaint mura bhfuil tréimhse mharana leordhóthanach ag gabháil léi, ar tréimhse mharana í ar cheart í a bhunú agus aird chuí á tabhairt ar na moltaí a rinne an tOmbudsman Eorpach le déanaí maidir leis an Údarás Baincéireachta Eorpach agus maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint, toisc go ngabhann riosca leis an bhfostaíocht iarphoiblí ní hamháin do chlú BEI ach dá neamhspleáchas freisin;

46. á chur in iúl gur geal léi an socrú oibre le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus á iarraidh go gcuirfear chun feidhme go hiomlán agus go díograiseach é, go háirithe maidir le tuairisciú;

47. á chur in iúl gur geal léi gur síníodh an socrú oibre idir BEI agus Europol an 29 Deireadh Fómhair 2021, lena bhféachtar le comhroinnt faisnéise agus saineolais a éascú sa chomhrac i gcoinne na calaoise agus na héillitheachta; ag dréim leis go gcuirfear an socrú sin chun feidhme go hiomlán;

48. ag athdhearbhú a hiarrata ar BEI a chaidreamh leis an Ombudsman Eorpach agus leis an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise a fheabhsú;

49. á chur in iúl gur geal léi an comhaontú trípháirteach athnuaite idir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, BEI agus an Coimisiún, lena neartaítear cearta iniúchóireachta na cúirte maidir le hioncam agus caiteachas an Aontais arna mbainistiú ag BEI, agus aird chuí á tabhairt ar na forálacha atá ann cheana maidir le rúndacht sonraí; ag tabhairt dá haire, áfach, go bhfuil na sonraí a bhaineann le gníomhaíochtaí chistí dílse BEI lasmuigh de raon feidhme agus de shainordú iniúchtaí na cúirte;

o

o o

50. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta.